Téigh i dteagmháil le do leabharlann áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil faoin méid atá ar fáil.

Tabhair cuairt ar www.librariesireland.ie chun sonraí teagmhála a fháil do do leabharlann áitiúil.



Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Leabharlanna Éireann

*Is Leatsa Gach Leabharlann*

# Cad is féidir le do Leabharlann Áitiúil a thairiscint d'fheighlithe leanaí




Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



# Cad atá ar fáil d’fheighlithe leanaí sa leabharlann áitiúil?

An raibh a fhios agat, is féidir le do leabharlann áitiúil raon tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do shuíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí, Feighlithe Leanaí, agus na leanaí a dtugann siad aire dóibh?

Is mian le leabharlanna cabhrú leat scileanna litearthachta agus uimhearthachta leanaí a fhorbairt agus grá don léitheoireacht agus don fhoghlaim a chothú ó aois óg.

## Cad is féidir linn a thairiscint

- **Tacaíochtaí ar bhonn leanúnach** agus **deiseanna chun oibriú le chéile**
- **Ballraíocht saor in aisce do gach aois -** agus **gan aon táillí déanacha**
- **Cárta oideora do gach oideachasóir luathbhlianta,** a ligeann duit tacair leabhar nó earraí eile a fháil ar iasacht do do sheomra
- **Comhairle agus tacaíocht** maidir le leabhair a roghnú d’aoisghrúpaí agus cumais éagsúla
- Má theastaíonn comhairle uait maidir le leabharlann a bhunú i do sheirbhís, b’fhéidir go mbeimid in ann cabhrú leat, agus is féidir leat teacht ar threoir ar líne ag **LibrariesIreland.ie**
- **Treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar do bhailiúchán leabhar agus leabhair** a roghnú a léiríonn topaicí agus pobail laistigh de do cheantar chun a chinntiú go bhfuil gach leanbh san áireamh agus ionadaíocht a dhéanamh orthu - tá an treoir seo ar fáil ag LibrariesIreland.ie agus d’fhéadfadh tacaíocht dhíreach a bheith ar fáil ó do sheirbhís leabharlainne áitiúil freisin



- **Cuairteanna ranga** ar do leabharlann áitiúil, trí shocrú
- Cur i láthair ar sheirbhísí leabharlainne áitiúla i do leabharlann, trí shocrú. Léireoidh cuairteanna seirbhísí leabharlainne agus d’fhéadfadh seisiúin am scéalaíochta do leanaí, cur i láthair ar leabhair atá ar fáil, acmhainní mála scéalta, srl.
- **Spásanna do scéalta, gníomhaíochtaí léitheoireachta** agus **céadfacha** sa leabharlann
- **Réimse ábhar tacaíochta léitheoireachta agus curaclaim,** lena n-áirítear ábhair i nGaeilge - seiceáil le do leabharlann áitiúil chun a fháil amach cad atá ar fáil
- Chomh maith le leabhair atá le fáil ar iasacht sa leabharlann, tá réimse **ríomhleabhar agus ríomh-chlosleabhar** do leanaí ar fáil trí BorrowBox
- **Am scéalaíochta rialta** agus gníomhaíochtaí eile do leanaí i do leabharlann áitiúil nó ar líne
- Cláir agus **imeachtaí leabharlainne** do **leanaí i rith na bliana,** lena n-áirítear Léim Isteach san Am Scéalaíochta i mí Aibreáin, Réaltaí an tSamhraidh ó Mheitheamh go Lúnasa, Féile Leabhar na Leanaí i mí Dheireadh Fómhair, agus Am Teaghlaigh i do Leabharlann i mí na Nollag
- **Acmhainní agus tacaíochtaí do thuismitheoirí** chun cabhrú leo tacú le scileanna litearthachta agus uimhearthachta na bpáistí agus iad a neartú

